

Nuacht na Seachtaine 19ú Márta 2019

Course Site: courses.leavingcertirish.com

Tragóid Thír Eoghain

Irish Oral Course 2019

Get the complete course now for
only €50 when you use code
"BT1925OFF"

- Bhásaigh Lauren Bullock (17), Morgan Barnard (17) agus Connor Currie (16) sa tragóid a tharla thart ar leathuair tar éis a naoi oíche Dé Domhnaigh seo caite.
- Is dócha go raibh na céadta daoine óga ag fanacht i scuaine ollmhór le dul isteach san *Óstán Greenvale*, sa Chorr Chríochach.
- Tuairiscíodh sna meáin gur dioscó os cionn a hocht déag a bhí eagraithe ag an óstán agus nach raibh siad ag súil le slua chomh mór sin ar an oíche.
- Dúirt urlabhraí an PSNI go raibh gach cosúlacht ar an scéal gur thosaigh daoine ag brú a mbealaigh isteach sa phlód, agus (díreach mar gheall ar sin) gur thit daoine áirithe a bhí chun tosaigh agus go ndeachaigh siad i mullach a chéile.
- Dúirt an PSNI chomh maith go raibh an t-ádh le go leor daoine óga eile gur tháinig siad slán as an tubaiste.

MO THUAIRIM FAOI

- Ar ndóigh, tragóid mhillteanach atá ann do mhuintir agus do chairde an triúir a bhásaigh.
- Beidh sé an-deacair do na comhscoláirí agus na múinteoirí timpeall an cheantair le tamall fada amach anseo.
- I mo chás féin, ní fhéadfainn tragóid mar seo a shamhlú roimhe seo.
- Téim amach le mo chairde gach deireadh seachtaine agus bíim ag fanacht i scuainí don chlub oíche go minic.
- Cé go dtarlaíonn cúpla troid ó am go chéile, ní fhaca mé agus níor chuala mé riamh faoin gcineál trioblóide a bhí acu i dTír Eoghain.
- Bheadh sé deacair ag duine gan a bheith croíbhriste ag é nó í ag éisteacht le cuimhní cinn na ndéagóirí a bhí i láthair an oíche sin.
- Is tragóid dhaonna ollmhór í seo agus níl aon ní le déanamh agam ach cúpla paidir a rá ar son na ndéagóirí a cailleadh.